ADVERT ID 247785

# General

### Marino Institute of Education

Griffith Ave Dublin 9 Dublin D09 R232
https://www.mie.ie

MAIN DETAILS

| | |
|---|---|
| **Status:** | Active |
| **Level:** | Higher & Further Education |
| **Date Posted:** | Mon Jan 12 2026 |
| **Application Closing Date:** | Fri Jan 30 2026 |
| **Commencement Date:** | Mon Mar 2 2026 |
| **Status of Post:** | Fixed-term |
| **Number of Vacancies:** | 1 |

POST DETAILS

**Title:**
Léachtóir Cúnta/Léachtóir san Oideachas le Saineolas ar Mhúineadh na Gaeilge | Théarma Seasta do Shaoire Mháithreachais

**Description:**
Agus é spreagtha ag fís na Críostaíochta, pobal teagaisc, foghlama agus taighde is ea IOM atá tiomanta d'ionchuimsiú agus do bharr feabhais san oideachas a chur chun cinn. Is coláiste cleamhnaithe de chuid Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Bhaile Átha Cliath é IOM, agus cuireann sé cláir fochéime agus iarchéime san oideachas ar fáil, lena n-áirítear cláir oideachais tosaigh múinteoireachta.

Cuireann Bord Rialaithe IOM cuireadh roimh iarratais ó dhaoine ag a bhfuil cáilíochtaí oiriúnacha don phost mar

LÉACHTÓIR CÚNTA/LÉACHTÓIR SAN OIDEACHAS LE SAINEOLAS AR MHÚINEADH NA GAEILGE THÉARMA SEASTA DO SHAOIRE MHÁITHREACHAIS

CUR SÍOS GINEARÁLTA AR AN bPOST
Dualgais agus Téarmaí & Coinníollacha Ginearálta Fostaíochta

1 PRÓIFÍL AN IARRTHÓRA AGUS RAON FEIDHME AN PHOIST
Is mian le hInstitiúid Oideachais Marino (IOM) Léachtóir / Léachtóir Cúnta san Oideachas le Saineolas ar Mhúineadh na Gaeilge a cheapadh do chlúdach saoire mháithreachaIs ó Feabhra 2026 ar aghaidh.

Tá duine á lorg ag IOM chun a bheith ina bhall nuálach gníomhach den fhoireann teagaisc agus chun modúil a theagasc lena ngabhann dualgais a bhaineann go sonrach le Múineadh na Gaeilge. Beidh dualgais ghinearálta i réimse na Gaeilge agus an oideachais freisin ar an duine a cheapfar, mar shampla, scrúduithe cainte, riarachán, maoirseacht ar mhic léinn atá ar shocrúchán scoile agus maoirseacht ar thaighde.

Is tábhachtach an tréith é an tiomantas don fhoghlaim agus teagasc d'ardchaighdeán i dtimpeallacht mac léinn-lárnach. Tá sé inmhianaithe díograis le haghaidh timpeallacht ildisciplíneach a bheith ag an iarrthóir. Caithfidh an duine a cheapfar fianaise a léiriú dá dtiomantas láidir do bharr feabhais sa teagasc, taighde agus sa ghníomhaíocht leanúnach scolártha.

Cáilíochtaí agus Scileanna Bunriachtanacha (i.e. scileanna nach féidir le hiarrthóir an post a dhéanamh gan iad. Ní dhéanfar iarratais a chur ar an ngearrliosta nár léirigh go soiléir go bhfuil na bunriachtanais ag an iarrthóir):

Ionas go measfar iad don phost seo, beidh an méid a leanas ag teastáil ó iarratasóirí:

a) Cáilíocht ábhartha iarchéime ag leibhéal na máistreachta nó na dochtúireachta san Oideachas / sa Ghaeilge nó a bheith in ann fianaise a léiriú ar dhul chun cinn maidir le dochtúireacht a chríochnú.
b) Líofacht sa Ghaeilge
c) Fianaise ar thaighde nuálach/chleachtas a bhaineann leis an nGaeilge, le bheith ag múineadh trí mheán na Gaeilge agus leis an gcultúr Gaelach go háirithe i réimse an oideachais bhunscoile
d) Eolas ar fhorbairtí comhaimseartha i réimse leathan an oideachais, agus go háirithe ar an tslí a múineann múinteoirí an Ghaeilge, agus ar an gcumas teanga a bhíonn de dhíth ar bhunmhúinteoirí.
e) Cáilíocht sa mhúinteoireacht, a chuireann ar chumas an iarrthóra clárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta.

Inmhianaithe
a) Taithí fheidhmeach ábhartha i réimse an oideachais le hinniúlacht léirithe chun cúrsaí d'ardchaighdeán a chur ar fáil ag leibhéal na fochéime agus leibhéal na hiarchéime.
b) Inniúlacht i réimse an oideachais ar líne, cuir i gcás ríomhfhillteáin, bealaí foghlama cumaisc, bealaí cianfhoghlama agus bealaí foghlama solúbtha.

Inniúlacht sa Ghaeilge
Beidh scrúdú Gaeilge i scríbhinn agus ó bhéal mar chuid den phróiseas agallaimh.

Ní mór d'iarrthóirí a léiriú go soiléir ina n-iarratais an dóigh a gcomhlíonann siad gach ceann de na réamhriachtanais seo.

2. CUR SÍOS POIST

An Caidreamh Tuairiscithe
Éilítear ar an té a cheapfar na dualgais a bhaineann leis an bpost a chur i gcrích, faoi stiúradh ginearálta Cheann Roinn na Gaeilge dá dtuairiscíonn sé / sí, agus dá bhfuil sé / sí freagrach as feidhmiú na ndualgas sin ar an gcéad dul síos. Tuairisceoidh an duine a cheapfar trí Cheann Roinn na Gaeilge chuig Uachtarán na hInstitiúide agus / nó chuig cibé oifigigh IOM eile a d'fhéadfadh an tUachtarán a ainmniú ó am go ham.

D'fhéadfadh an caidreamh tuairiscithe bheith faoi réir ag athbhreithniú tréimhsiúil, ar aon dul le riachtanais seirbhíse agus le forbairtí san Institiúid.

Dualgais agus Freagrachtaí
Áirítear na nithe seo a leanas leis na dualgais:

- Ceapadh clár/modúl, léachtóireacht, obair theagascóireachta, agus scrúdúchán i Múineadh na Gaeilge (agus b'fhéidir i réimsí eile) le haghaidh clár fochéime agus iarchéime
- Straitéisí nuálacha teagaisc agus foghlama a fhorbairt
- Tiomantas a léiriú do chlár oibre taighde a leanúint agus taighde a fhoilsiú i réimse an oideachais / i léann na Gaeilge.
- Maoirseacht a dhéanamh ar mhic léinn atá rannpháirteach i dtaighde fochéime agus iarchéime
- Riarachán a dhéanamh trí mheán na Gaeilge.
- Páirt a ghlacadh sna dualgais / próisis riaracháin ar fad den roinn lena n-áirítear rannpháirtíocht i gcruinnithe na roinne, cruinnithe na hInstitiúide agus cruinnithe de chuid grúpaí eile.
- Bheith i láthair agus páirteach i ngach cruinniú de chuid Chúirt na Scrúdaitheoirí.
- Comhaltas de choistí na hInstitiúide agus na dualgais is iomchuí do na coistí sin a chomhlíonadh.
- Comhairliúchán leis na mic léinn agus leis an bpobal foghlama níos leithne.
- Cur leis na himeachtaí ar fhéilire na hInstitiúide ar nós an Lá TEG, Lá Oscailte, seachtain an ionduchtaithe, feitheoireacht scrúduithe.
- Cur le dearadh modúl agus cúrsaí nua, nuair is cuí.
- Feidhmiú mar theagascóir pearsanta le mic léinn agus é leithdháilte.
- Seacht dtreoirphrionsabal na n-iontaobhaithe a chur chun cinn.

I measc dhualgais an té a cheapfar beidh air / uirthi léachtaí a thabhairt ar chláir fochéime (B.Oid agus B.Ed), cláir iarchéime (lena n-áirítear an MGO agus an MGO conair lán-Ghaeilge), chomh maith le páirt a ghlacadh i gcláir pháirtaimseartha agus i gcláir eile a sheachadadh. Cuirfidh an duine a cheapfar le dearadh cúrsaí agus foirmiú polasaithe ag leibhéil fochéime agus iarchéime araon.

Ba cheart a thabhairt faoi deara nach mór don cheapaí obair a dhéanamh mar bhall foirne i ngach réimse oibre / roinn laistigh den Institiúid. Cé go bhfuil na dualgais a bhaineann leis an bpost sainithe ar an iomlán faoi na ceannteidil éagsúla mar atá liostaithe, ní liosta uileghabhálach é liosta na ndualgas. Éileofar ar an gceapaí feidhmiú ar bhealach solúbtha agus comhghleacúil. Forchoimeádann IOM an ceart dualgais nua a shannadh nó foireann a athshannadh do réimsí eile na hInstitiúide, nó an dá rud araon, mar fhreagairt ar riachtanais seirbhíse.

3. EOLAS MAIDIR LE hIARRATAIS, MAIDIR LEIS AN bPRÓISEAS ROGHNÚCHÁIN AGUS EOLAS GINEARÁLTA EILE.

Modh Roghnúcháin le haghaidh Molta

Déanfar gearrliostú iarratasóirí a bheidh bunaithe ar cháilíochtaí, ar oiriúnacht agus ar thaithí oibre ábhartha an iarratasóra de réir mar atá sonraithe san iarratas. Is é an t-iarratasóir atá freagrach as a chinntiú go gcuirtear faisnéis ábhartha uile san áireamh lena iarratas / hiarratas agus go dtaispeánann sé / sí go soiléir conas a chomhlíonann sé / sí na critéir iarrthóra shonraithe.

Déanfaidh painéal agallaimh an t-agallamh. Beidh an painéal comhdhéanta de líon nach lú ná 3 duine, agus cuimseofar na daoine is oiriúnaí agus is cáilithí leis chun iarratasóirí sa disciplín a mheasúnú. Is é an Bord Rialaithe a dhéanann gach ceapachán fostaíochta ag IOM. Cuirfear moltaí an phainéil agallaimh maidir le hiarratasóirí rathúla a cheapadh do phoist uile faoi bhráid Bhord Rialaithe IOM lena bhreithniú agus lena chinneadh.

Sa chás nach molann an painéal agallaimh ceapadh buan, forchoimeádann an Institiúid an ceart chun iarrthóir oiriúnach a cheapadh, aitheanta tríd an bpróiseas roghnúcháin, don phost ar bonn téarma seasta.

D’fhéadfaí painéal a chruthú óna bhféadfaí ceapacháin ar chonarthaí buana nó téarma seasta a líonadh le linn shaolré an phainéil. Cuirfear deireadh leis an bpainéal 12 mhí tar éis a dháta foirmithe, is é sin dáta an agallaimh thosaigh.

Ní mór d’iarrthóirí fianaise dhoiciméadach shásúil a chur ar fáil ar oiliúint agus ar thaithí uile arna maíomh acu, más gá.

Tréimhse Phromhaidh
Braitheann an ceapachán ar thréimhse phromhaidh 4 mhí ar fhad a chur i gcrích go sásúil. D’fhéadfaí an tréimhse phromhaidh a shíneadh faoi rogha na hInstitiúide ach in aon chás ní mhairfidh sí níos mó ná 6 mhí. Sínfear an tréimhse phromhaidh mar gheall ar neamhláithreachtaí lena linn. Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus ar iompar le linn na tréimhse promhaidh trí phróiseas de chruinnithe measúnaithe. Beidh foirceannadh fostaíochta le linn na tréimhse promhaidh faoi rogha na hInstitiúide. Beidh leagan ciorraithe den nós imeachta smachta infheidhme maidir le fostaithe ar promhadh.

Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána
D’fhéadfadh sé a bheith riachtanach d’iarratasóirí rathúla uile páirt a ghlacadh i nGrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána. Tabharfar treoir shainiúil maidir leis an bpróiseas sin ag an am iomchuí. Déanfar iarratasóirí nach gcomhlíonann riachtanais na hInstitiúide maidir leis sin a eisiamh ó bhreithniú don cheapachán seo.

Oiliúint Bhunriachtanach
Beidh ar an iarratasóir a éiríonn leis nó léi san agallamh, tabhairt faoin oiliúint chomhlíontachta bhunriachtanach seo a leanas: Ionduchtú, Sláinte & Sábháilteacht agus Cosaint Sonraí (RGCS), agus ní mór dó / di fianaise a sholáthar ar Oiliúint maidir le Cosaint Leanaí de chuid Tusla a bheith déanta acu. Seans go mbeadh gá le tabhairt faoi oiliúint eile má tá gá leis sin.

Is é an scála tuarastal bliantúil reatha ná €59,337 go €96,058 (Scála 9 bpointe)

Na hIarratais a Dhéanamh
Déan iarratas le litir chlúdaigh agus CV amháin (ní chuirtear aon fhoirm iarratais speisialta ar fáil), tríd an ríomhphost más féidir chuig careers@mie.ie nó tríd an bpost chuig:

An Oifig Acmhainní Daonna
Institiúid Oideachais Marino
Ascaill Uí Ghríofa
Baile Átha Cliath 9 (D09 R232)

Ní mór iarratais chomhlánaithe a bheith faighte faoi 4.00 i.n., Dé hAoine an 30 Eanáir 2026. Ní ghlacfar le hiarratais i ndiaidh na sprice sin.

Ní bheidh an Institiúid freagrach as costais ar bith, lena n-áirítear speansais taistil, a bhféadfadh iarrthóirí iad a thabhú i ndáil lena n-iarrthóireacht.

Is fostóir comhdheiseanna í Institiúid Oideachais Marino.

## APPLICATION REQUIREMENTS

- Curriculum Vitae
- Covering Letter

## Applications may be submitted by

- Email
- Post

APPLY TO THIS JOB VACANCY

| | |
|---|---|
| **Apply To:** | Griffith Ave<br>Dublin 9<br>Dublin<br>D09 R232 |
| **County:** | Dublin |
| **Postal District:** | Dublin 9 |
| **Enquiries To:** | careers@mie.ie |
| **Website:** | https://www.mie.ie |

Information contained within this advertisement is copyrighted by IPPN and licensed by IPPN for use by job-seekers only. The information herein may not be downloaded, copied or used for any other purposes, including its replication on other recruitment & advertising websites, without the express prior written permission of IPPN.